Clair ghaeilge

TUMCHLÁIR

Ar chamchuairt Ontario, Quebec, agus Iarthar na Stát i láthair na huaire tá

tumchláir Ghaeilge ar na deiridh sheachtaine le fáil Tugann na hócáidi seo faill do dhaoine foghlaim, labhairt na teanga beo agus líofacht a ghabháil. Is iomdha buntáiste a éiríonn as suíomh seasta leis na hócáidí seo a reachtáil Beidh infhaighteacht an ionaid cinnte agus beidh muid in ann na haise a athrú lenár bhfeidhm ar leith a shásadh Is féidir le méid is taithí na gclár a fhorleathnú go mór. Sí an fhadhb is mó i bhfoghaim na Gaeilge i dTuaisceart Meiriceánach ná ganntanas a bheag nó a mhór de Gaeilgeoirí le comhrá a dhéanamh leo Beidh an Ghaeltacht sagainne in ann na faidhbe sin a réiteach, agus le cuideadh Dé comhphobal a fhobairt a bhailigh go rialta san áit.

LEABHARLANN GAEILGE IS LÁRIONAD FOGHLAMTHA

Tá deacracht nach beag i dTuaisceart Meirceánach teacht ar abhar san teanga Gaeilge. Lár an leasa, go dtiocfadh rogha ruda le ceannach ar an idirlíon ach tá sin costasach agus ní bhíonn duine i n-eol cinnte den aiste a bhfuiltear á cheannach. Bheadh lárionad tugtha don fhoghlaim mar láithreán a mbeadh gach cineál gustail don fhoghlaim le fáil, .i. diosca digiteach ilúsáide (DVD), físteipeanna, téipeanna caiséid, téacsleabhair, úrscéalta, filíocht, agus téacsleabhair eolaíocha. Comhdhéanfadh seo ais oirbhirt tarraingteach do aoinne a bheadh ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim i dTuaisceart Meiriceánach.

AMHRÁNAÍOCHT AR AN SEAN-NÓS

Is as Gaeilge cuid maith de na hamhráin Éireannacha is áille. Tá spéis ag a lán daoine roinnt Gaeilge a fhoghlaim sa chaoi gur féidir leo amhráin traidisiúnta Éireannacha a chasadh ar an sean-nós. Is rún dúinn clár a bhunadh chun múineadh do amhránaithe fuaimniú chóir le liricí Gaeilge, agus an maisiúchán sainiúil des na hamhráin.

CAMPAÍ SAMRAIDH DO PHÁISTÍ BUNSCOILE

Is dúshlán é an samhradh do thuismitheoirí a bhfuil páistí óga acu. Nuair a scaoileadh amach na páistí le haghaidh an samhraidh, caithfidh na tuismitheoirí lean ar aghaidh leis an obair. Forbraíodh campaí samhraidh de gach saghas thar na blianta chun gníomhartha spéisiúla, fiúntacha a thairiscint do pháistí bunscoile. Bheadh scoil samhraidh Gaeilge an tarraingteach. Níos tábhachtaí, bheimis ag tabhairt an teanga don

aos óg – an dream is mó cumais í a fhoghlaim agus todhchaí inmharthana a chruthú di i Meiriceá Thuaidh.

CÚRSAÍ CREIDIÚNAITHE DO MHIC LÉINN MEÁNSCOILE

Baineann líon mór mic léinn meánscoile feidhm as an samhradh chun cúrsa breise a críochnú. Ar an caoi seo saorann siad am dóibh féin sa gnáth-bhliain scoile, go chuireann siad le saibhreas a dtréimhse scoile. Ní raibh an Gaeilge á thairiscint mar cúrsa meánscoile creidiúnaithe i Meiriceá Thuaidh riamh, fad is eol dúinn, roimh í a thosú ag meánscoil in Ontario (KCVI) gach ré bliain, ar na mallaibh. Ba chóir an folúntas seo a líonadh, agus leis an háiseanna atá le fáil ag ár nGaeltacht beidh sé inár lánchumas é sin a dhéanamh.

MÚINTEOIRÍ AS ÉIREANN

Cuireann sé le saibhreas imeachtaí i Meiriceá Thuaidh i gcónaí nuair atá dlúthcheangal le hÉireann le feiceáil. Is foinse léinn na Gaeilge í Éire, agus is mar sin a bheas go deo is dócha. Is é ár rún múinteoirí a thabhairt as Éireann go coitianta chun freastail ar díotha foghlaimeoirí ardleibhéil, agus chun muid féin a choimeád in iúl faoi cúrsaí idirnáisiúnta an teanga.

TRAENÁIL MÚINTEOIRÍ DÚCHASACHA

Tá easpa múinteoirí cáilithe mar cheann de na fadhbanna is mó i Meiriceá Thuaidh maidir le cláracha a bhunadh faoi láthair. Níl cúrsaí cáilíochta le fáil in aon áit. Bheidh tosaíocht ard i measc ár gcláracha forbairtí don traenáil múinteoirí.

CLÁIR MHALAIRTE LE TEAGHAIGH AS NA GHAELTACHTAÍ

Má tá beocht na Gaeilge a ghlinniú i dTuaisceart Meiriceánach, caithfidh muid labhairt na teanga a thabhairt isteach inár dtithe féin. Dianaíonn tógáil na bpáistí sa Ghaeilge chomh maith leis an Bhéarla, an Fhraincis nó an Spáinnis, a gcuid eolais ar an tsaaol chomh maith lena n-acmhainn eagna cinn a chur i dtreis, agus cinntíonn sé an teanga beo a bheith ar fáil don ghlúin le teacht. Tairbheoidh teaghlaigh as Ghaeltachta na hÉireann ón deis chun feidhm a bhaint as an teanga i dtimpeallacht i bhfad i gcéin

DÍSEART GAEILGE

Is rud thar a bheith suntasach go mbeidh ár suíomh faoi réir cuairte go buan. Am ar bith a bhfuil spéis ag daoine tarraing siar ón shaol na madraí allta, agus am a chaitheamh i measc Gaeilgeoirí i dtimpeallacht cairdiúil, suaimhneach beidh an Gaeltacht ann chun freastail orthu.